

LÁ DON BHEATHA 2016

www.dayforlife.org



‘Ag tabhairt ucht ar naofacht na beatha agus ar naofacht an duine daonna, agus os comhair iontais na cruinne, is é **ionadh** an dearcadh cuí amháin.’

Litr ó Naomh Eoin Pól II chuig Ealaíontóirí, 1999



Tá gach rud fite fuaite le chéile

'Ag tabhairt ucht ar naofacht na beatha agus ar naofacht an duine daonna, agus os comhair iontais na cruinne, is é ionadh an dearcadh cuí amháin.'

(Litir ó Naomh Eoin Pól II chuig Ealaíontóirí, 1999)

Ba í an bhliain seo caite an bhliain ba theo riamh. I sráidbhaile beag in oirdheisceart na hIndia, chuaigh feirmeoir darbh ainm dó Jejabba, amach faoi theas meán lae chun foscadh a thabhairt dá bha i ngarrán mangó. Nuair a tháinig sé abhaile bhí sé dhíhiodráitithe agus fuair sé bás sula bhféadfaí é a thabhairt go dtí an ospidéal. Bhí sé seasca trí bliana d'aois. Níl Jejabba leis féin. Fuair os cionn 4,500 duine bás san India agus sa Phacastáin i rith an tsamhraidh seo caite le linn tonn teasa. Mar thoradh ar ardú teochta tá triomach níos déine agus tuilte níos déine ann. Agus is iad na bochtáin a bhíonn ag fulaingt go mór i gcónaí.

Ar 18ú Meitheamh 2015, d'fhoilsigh an Pápa Proinsias a imlitr thimpeallachta *Laudato Si'* (*Moladh Le*), agus i mí Nollag na bliana sin, síníodh an comhaontú stairiúil – Athrú Aeráide Pháras. Chuir an Pápa i gcuimhne dúinn go cumhachtach, gur teaghlach daonna amháin sinn agus teach coiteann á roinnt againn, agus go bhfuilimid ag brath ar a chéile agus ar iomlán a bhfuil cruthaithe. Tá sé de dhualgas orainn 'aird ar leith a thabhairt do na daoine is leochailí.' Dúirt sé, 'Má dhéantar faillí monatóireacht a dhéanamh ar an dochar atá déanta don nádúr agus an tionchar ar an dtimpeallacht atá mar thoradh ar ár gcinntí, comhartha suntasach a bheidh ann de neamhaird ar an teachtaireacht atá i struchtúir an nádúir féin. Nuair a theipeann orainn a admháil, mar chuid den réaltacht atá ann, luach duine bocht

Déantar Lá don Bheatha a cheiliúradh gach bliain ag an Eaglais Chaitliceach in Éirinn, in Albain, sa Bhreatain agus sa Bhreatain Bheag. Lá atá ann chun tuiscint a chothú ar bhri agus ar fhiúntas an bheatha daonna ag gach céim agus ag gach staid den saol.



www.catholicbishops.ie

amháin, luach suth daonna, luach duine faoi mhíchumas – gan ach roinnt samplaí a thabhairt – bíonn sé deacair éisteacht le caoineadh an nádúir féin; tá gach rud fite fuaite.' (Pápa Proinsias, *Laudato Si'* 117)

Nuair aithnímid agus nuair a fhásaimid sa tuiscint iontach go bhfuilimid go léir gaolta le chéile agus inár gcónaí i mbaile coiteann amháin, beidh tionchar ar seo ní amháin ar an dtimpeallacht, ach ar an tslí a thugaimid cúram dá chéile agus ar conas a chuirimid fáilte rompu siúd le riachtanais dhifriúla, roimh dhéanaithe, roimh dhaoine scothaosta, roimh língh gan bhreith, agus rompu siúd atá dearmadta agus tréigthe.

Agus sinn ag fás in ionadh, cabhróidh sé linn luach níos doimhne a chur ar bhronntanas na beatha daonna.

Paidir don Domhan atá Againn

A Dhia uile-chumhachtach, tá tú i láthair sa chruinne ar fad agus sna créatúir is lú ar fad.

Tugann tú barróg bog do gach a chruthaigh tú.

Doirt cumhacht do ghrá amach orainn,

Ionas gur féidir linn an bheatha agus an áilleacht a chosaint.

Líon sinn le síocháin, ionas gur féidir linn maireachtáil mar dheartháireacha agus deirfiúra, gan dochar a dhéanamh d'éinne.

Laudato Si'

Grianghraif (deiseal ó chlé barr): Cuireann Pápa Proinsias fáilte roimh oilithreach i gCearnóg Naomh Peadar, Samhain 2013 © Mazur/www.catholicnews.org.uk; Baineann teaghlach an fómhair i gcnoc Deisceart Heabronn © Eoghan Rice/Trócaire; Dealbh de Naomh Proinsias Assisi © Mazur/www.catholicnews.org.uk; Glacann teaghlach sos roimh dhul ar aghaidh ag Ionad do Dhéanaithe Presevo, an tSerbia, Deireadh Fómhair 2015 © Maeabh Smith/Trócaire; Daltaí ó Fhobalscoil Shráid an Mhuilinn, oíche chodlata Chorcaí chun Feachtas Charghais Trócaire a sheoladh 2014 © Claire Keogh/Trócaire; Tionscadal Trócaire- teach gloine Turkana, oirthear na hAfraice, Eanáir 2016 © Catherine M. Waking/Trócaire; Máire Mhic Róibín agus Éamonn Meehan ó Thrócaire ag tionscadal Thrócaire in Adigrat i dtuaisceart Aetóip, Iúil 2016 © Eoghan Rice/Trócaire; 'Cuir stad le hAnord Aeráide' máirseáil, i mBaile Átha Cliath, an 29ú Samhain 2015 © Mark Stedman/Trócaire.